



Michumas Fisiceach



Department of
Education

www.deni.gov.uk

AN ROINN

Oideachais

MÁNNYSTRIE O

Lear

Forbhreathnú/Intreoir

Is téarma géineasach é míchumas fisiceach a chumhdaíonn réimse leathan riochtaí. D'fhéadfadh an riocht bheith ar an duine ó bhroinn, ar nós Spina Bifida, diostróife mhatánach nó pairilis cheirbreach nó d'fhéadfadh sé teacht ar an duine am ar bith ar a n-áirítear i ndiaidh taisme, siada nó stróc. Is féidir cur síos ar mhíchumas fisiceach mar rud fadtréimhseach, fad saoil de ghnáth agus is annamh é statach. Mar sin de, ba chóir riachtanais atá ag athrú a athbhreithniú go minic.

Le cur ar chumas daoine óga míchumasaithe a lánacmhainneacht a bhaint amach ina rogha scoileanna, caithfidh scoileanna timpeallacht chuimsitheach a chruthú ina dtugtar a luach do gach dalta. Soláthróidh cur chuige foirne, oiliúint agus comhairle chuí ó lucht ghairm an oideachais agus na sláinte araon (teiripeoir saothair, fisiteiripeoir agus teiripeoir urlabhra agus teanga) cur chuige iomlánaíoch maidir le cuimsiú daltaí. Smaoinigh gur minic gurb é an timpeallacht agus dearcadh daoine eile a mhíchumasaíonn daoine óga seachas a míchumas; cuidíonn cur chuige dearfach i leith a míchumais leis an duine óg a lánacmhainneacht a bhaint amach.

Timpeallacht na scoile agus an tseomra ranga

- Eolas cruinn, cothrom le dáta a fháil faoi riocht fisiceach an duine óig agus faoi riachtanais bhainteacha foghlama.
- Leagan amach an tseomra ranga agus an trealaimh a oiriúnú le cur ar chumas an duine óig a neamhspleáchas agus a f(h)oghlaim a uasmhéadú.
- A oiread úsáide agus is féidir a bhaint as ábaltacht an duine óig – má bhíonn deacrachtaí taifeadta acu, breathnaigh ar an iliomad áiseanna atá ar fáil amhail, méarchláir de mhéideanna éagsúla, bogearraí tuarthéacsála, cineálacha éagsúla luchóg.
- Bíonn trealamh speisialaithe de dhíth ar an chuid is mó de dhaoine óga a bhfuil míchumas orthu le cuidiú leo – suíocháin, táblaí ar a bhfuil an airde inathraithe, coigeartuithe ríomhaireachta agus/nó bogearraí.

An Fhoghlaim

- Bheith eolach ar dheacrachtaí ar bith aireachtála is luaile a bhaineann le riocht sainiúil.
- Atreisigh ar bhonn deimhneach iarrachtaí an duine óig le linn tascanna agus gníomhaíochtaí foghlama.
- Ábhar teagaisc agus foghlama a fhorbairt agus a úsáid atá fóirsteanach don dalta – cóip de nótaí ranga, bileoga oibre réamhullmhaithe agus lipéid réidh le cur ar léaráidí.
- Treoracha béile a bhriseadh anuas ina gcéimeanna agus eolas a léiriú nó a ghearradh ina ghiotaí.
- Tuiscint an duine óig ar an eolas a sheiceáil go minic.
- Cur i láthair ina bhfuil réimse meán agus béim ar fhoghlaim amhairc agus chinéistéiseach theagmhálach.
- Iarracht a dhéanamh a oiread airde a thabhairt ar dhícheall agus a thugtar do ghnóthachtáil.

Neamhspleáchas agus bainistíocht laethúil.

- Tá naisc láidre shoiléire cumarsáide idir an múinteoir, an SENco agus an cúntóir ranga riachtanach i dtaca le caidreamh oibre éifeachtúil de.
- Ba chóir do gach duine a bhfuil baint acu leis an duine óg neamhspleáchas a chur chun cinn agus dearcadh dearfach 'is féidir' seachas dearcadh diúltach a chothú.
- Ba chóir aird a dhíriú ar chúram agus compord pearsanta an duine óig – suíocháin, leithreas, itheachán speisialaithe srl. mar a chomhairlíonn an lucht gairme cuí.

Folláine mhothúchánach agus cuimsiú sóisialta

- Smaoineamh ar dhearcadh an duine óig.
- Bheith eolach ar riachtanais agus ar dhúshláin an duine óig, gan ábhar trua a dhéanamh de.
- Deiseanna le cuimsiú sóisialta a chur chun cinn fiú más gá é seo a dhéanamh ar bhonn saorga.
- Bíonn eispéiris dhearfacha de dhíth ar dhaoine óga ar scoil le féinmhuinín agus tiomantas a fhorbairt agus le féinmheas a mhéadú – ba thairbheach an chomhairleoireacht i roinnt cásanna.
- An duine óg a fheiceáil sula bhfeictear an míchumas.

Naisc/Acmhainní

Teagmháil le Teaghlach – www.cafamily.org.uk

Scope le haghaidh eolais Phairilis Cheirbreach – www.scope.org.uk
agus www.hemihelp.org.uk

ASBAH le haghaidh eolais ar Spina Bifida www.asbah.org

Eolas ar Dhiostróife Mhatánach www.musculardystrophy.org

Eolas Ginearálta ar riochtaí fisiceacha –
www.bbc.co.uk/health/conditions

Seirbhísí Comhairleoireachta Scoile nó Cumann Carthanachta/Seirbhís Speisialaithe

KIDS Team, Contact Youth, New Life Counselling, CAMHS, Mencap.
Clinical Psychology Service.

Scoileanna arb é a speisialtacht teagasc daltaí ar a bhfuil Míchumais Fhisiceacha – Mitchell House Support services, Fleming Fulton School – Lilac Team

Spina Bifida agus/nó Hidriceifileas

Is máchail néarfheadáin i bhforbairt an dromlaigh é Spina Bifida. Tig leis bheith ina chúis le pairilis íosta nó iomlán an dromlaigh. Bíonn hidriceifileas fosta ar thart faoi 80% de na daoine a bhfuil an riocht seo orthu. Is minic a bhíonn 'seachghaireas' ag daoine óga ar a bhfuil hidriceifileas, a atreoraíonn sreabhán, a choinníonn an draenáil seasmhach agus a choisceann comhbhrú i bhfíochán na hinchinne.

Is den tábhacht a thabhairt faoi deara gur chóir cóireáil leighis a lorg má bhíonn an chuma ar dhuine óg a bhfuil seachghaireas aige/aici go bhfuil urlacan, tinneas cinn nó meadhrán ag teacht air/uirthi

Moltaí Maithe

Tá riachtanais féin ag gach duine óg, ach d'fhéadfadh tacaíocht a bheith de dhíth orthu maidir leis na réimsí seo a leanas.

- Nuair a bhítear ag obair ar ghníomhaíochtaí praiticiúla, is cuidiú iad leideanna béil le tús a chur le hobair, tacaíocht le hábhar a leagan amach agus seicliostaí óir d'fhéadfadh teorainn a bheith le cuimhne ghearrthéarmach agus scileanna smaointeoireachta seicheamhaí.
- Is féidir le péireáil daoine óga nó obair i ngrúpaí beaga nach mó ná 4 bheith éifeachtúil go leor. Is féidir an córas seo a úsáid sa chorpoideachas fosta agus is cuidiú é le caidreamh dearfach sóisialta agus páirtíocht ghníomach a chothú.
- Soghluaisteacht: nuair a úsáidtear áiseanna nó cathaoireacha rothaí, ba chóir machnamh a dhéanamh ar rochtain agus ar ghluaiseacht thart ar an seomra ranga. Nuair is úsáideoirí cathaoireacha rothaí daoine óga, ba chóir go dtarlódh idirghníomhartha ag leibhéal na súl.
- Is féidir le fadhbanna a bhaineann le comhord, aireachtáil agus radhairc bheith mar chúis moill foghlama maidir leis an léitheoireacht, an scríbhneoireacht agus an uimhearthacht.
- Ba chóir machnamh ar chead a thabhairt don duine óg ceachtanna a chlostaifeadadh agus bheith ag obair orthu seo níos moille nuair nach mbíonn brú ar bith i gceist.

- Má bhíonn lúth na lámh teoranta agus é sin ag dul i bhfeidhm ar an pheannaireacht, ba chóir smaoinemh ar úsáid uirlisí saorúsáide m.sh. pinn fheiltbhioracha, pinn luaidhe bhoga nó comhairle teiripeoir saothair a lorg a thabharfadh comhairle ar scáileáin tadhaill nó ar mhéarchláir ar a bhfuil eochracha móra. Tig le teiripeoirí saothair comhairle a thabhairt fosta ar dheascanna inchoigeartaithe agus ar racaí/tacais léitheoireachta iniompair.
- D'fhéadfadh scileanna teagaisc amhail scimeáil agus scanáil, an dóigh le gluaiseachatí súl a úsáid, díriú ar ghníomhaíochtaí ar leith, scileanna airde a mhéadú, obair phraiticiúil sheicheamhach agus go leor ama a thabhairt le ghníomhaíochtaí a chomhlánú, d'fhéadfadh siad seo bheith iontach tábhachtach ag roinnt daoine óga.
- Ba chóir a thabhairt do d'aire go mbíonn deacrachtaí ag roinnt daoine óga le heolas céadfaíoch agus nach bhfreagraíonn siad do dhálaí foircneacha m.sh. teas/fuacht. Mar sin de, bí ar d'airdeall maidir le radaitheoirí/uisce te agus pairtíocht i ranganna praiticiúla.
- Beidh roinnt eile acu a léireoidh difríochtaí idir leibhéal úsáid teanga agus leibhéal tuiscint teanga. Is furasta glacadh leis go bhfuil leibhéal maith tuisceana ag duine óg a bhfuil deis a labhartha aige/aici.

Acmhainní/Naisc

ASBAH – The Association of Spina Bifida and Hydrocephalus

www.asbah.org

Special Education Support Service

www.sess.ie

Central Remedial Clinic, Ireland

www.crc.ie

Enable Ireland

www.enableireland.ie

Diostróife Mhatánach

Is ainm foriomlán é Diostróife Mhatánach ar roinnt easord matánach arb iad is cúis le lagú forchéimnitheach mhatáin na colainne. Faightear na diostróifí le hoidhreacht de ghnáth. I gcásanna áirithe, bíonn deacrachtaí foghlama, titeamas agus mínormaltachtaí súl i gceist fosta. Is iad Diostróife Mhatánach Duchenne (DMD) ar buachaillí is mó a dtéann sí i bhfeidhm orthu, agus Diostróife Mhatánach Mhiótonach a théann i bhfeidhm ar an dá inscne an dá Dhiostróife Mhatánacha is coitianta. Úsáideoirí lánaimseartha cathaoireacha rothaí faoi aois a deich bunús na mbuachaillí a bhfuil DMD orthu. Tá DMD forchéimnitheach agus tig le hinniúlachtaí an duine óg dul in olcas go mear le linn a mblianta ar scoil. Is riocht é seo a ghiorraíonn an bheatha.

Moltaí Maithe

- A sáith ama a thabhairt don duine óg tascanna a chomhlánú, ag cur san áireamh go dtiocfaidh tuirse orthu i gcaitheamh an lae.
- Smaoineamh ar ghnéithe praiticiúla an tseomra ranga. Coinnigh an t-urlár saor ó nithe nach dteastaíonn; is furasta tuisle a bhaint as páiste ar a bhfuil DMD agus é titim. Caithfidh go leor fairsinge a bheith ann fosta má thosaíonn an duine óg ag úsáid cathaoir rotha.
- D'fhéadfadh an Teiripeoir Saothair tábla ar féidir a airde a choigeartú a mholadh, tábla a "fhásfaidh" ina gcuideachta. Caithfidh gach rud ar an tábla (m.sh. pota peann luaidhe, siosúr, tráidire oibre) bheith faoi ghreim láimhe ag an duine óg.
- Má tá riachtanais foghlama ag an duine óg, léirshamhlaigh gach tasc go soiléir agus tabhair go leor ama le smaoineamh.
- Maidir le scríobh/léamh ag an tábla, d'fhéadfadh an duine óg tairbhe a bhaint as mata Dycem neamhsciarrach.
- Is fearr gan iarraidh ar dhuine óg ar a bhfuil MD suí ar an urlár (m.sh. ag am scéalaíochta, ar thionól srl.). Tig leis bheith iontach doiligh acu éirí ina seasamh arís agus cuirfidh sé tuirse nach gá orthu.

- Níor chóir do dhuine ar bith seachas duine a ndeachaigh oiliúint air/ uirthi duine óg ar a bhfuil MD a thógáil. Má thiteann siad ná tóg iad trí ghreim a fháil orthu faoi na sciatháin nó trí ghreim láimhe. D'fhéadfadh sé seo go leor dochair a dhéanamh do na matáin. Bíonn fisiteirpeoir in ann comhairle a thabhairt ar an dóigh cheart le cuidiú a thabhairt.
- Gach seans go mbeidh cuidiú de dhíth ar an duine óg maidir le gníomhaíochtaí mínluaile amhail gearradh amach. Le himeacht aimsire, seans go gcaithfí na gníomhaíochtaí seo a chomhlánú ar a son.
- De réir mar a théann scileanna mínluaile in olcas, d'fhéadfadh luchóg liathróid rollóra a bheith de dhíth ar an duine óg agus méarchlár ríomhaireachta coigeartaithe (féach an nasc thíos).
- Tagann dúlagar ar chuid mhór daoine óga agus bíonn fadhbanna féinmheasa acu mar gheall ar impleachtaí an riochta .i. an cumas a chailleadh tascanna a dhéanamh a bhí furasta acu tráth. Ba chóir dul i gcomhairle le tuismitheoirí, SENCO agus comhairleoir na scoile (más ann dó/di) le cur chuige iomlánaíoch a shocrú don cheist seo.

Acmhainní/Naisc:

Muscular Dystrophy Campaign: www.muscular-dystrophy.org

NHS Direct: www.nhsdirect.nhs.uk

(Cuardaigh 'Muscular Dystrophy')

Dycem: www.dycem.com

Inclusive Technology: www.inclusive.co.uk

(Trealamh coigeartaithe TFC)

Mínormaltacht na nGéag

Tig le heasnaimh na ngéag teacht **as broinn** le duine nó bheith trámach agus téann siad i bhfeidhm ar ghéag amháin nó níos mó. Is mínormaltachtaí as broinn bunús na gcásanna agus tig leis na heasnaimh bheith iomlán nó bheith mar pháirteasnamh, ag dul i bhfeidhm ar an ghéag iomlán, ar an uillinn, an lámh nó an chos/troigh.

D'fhéadfadh mínormaltachtaí **trámacha** tarlú am ar bith agus d'fhéadfadh siad bheith mar thoradh ar thinneas nó ar thaisme. D'fhéadfadh an duine óg deacrachtaí féinmheasa a fhulaingt agus d'fhéadfadh comhairleoireacht/tacaíocht thréadach a bheith de dhíth dá mbarr – b'úsáideach an ghníomhaíocht ranga é Am Ciorcail.

Mínormaltachtaí na nGéag Uachtair. A théann i bhfeidhm ar sciatháin agus lámha an duine óig – tig le formhór na bpáistí feidhmiú go maith agus greim a fháil ar réada nó iad a bhogadh fiú nuair a bhíonn codanna dá sciatháin nó dá lámha ar iarraidh nó míchruthaithe.

Moltaí Maithe

- Ligean don duine óg triail a bhaint as modhanna eagsúla le greim a fháil ar phinn luaidhe/pinn/pinn fheiltbhioracha .i. greim ar pheann luaidhe taobh istigh de chufa na muinchille nó ag alt na huillinne.
- Úsáid Dycem (mata neamhsciorrach) le greim a fháil ar leabhair, leathanaigh nó réada ar an tabla.
- Cineálacha éagsúla siosúr coigeartaithe le cur le riachtanais aonair an duine óig a thriail m.sh. Easy Grip, Siosúr Oiliúna, Spriongachuidithe, Siosúr Suite ar Thábla.
- D'fhéadfadh bileoga nótaí nó cóipeanna de cheachtanna cloze bheith cuí má tá an-saothar ag baint le peannaireacht.
- D'fhéadfaí crua-earraí coigeartaithe TFC a fhiosrú má bhíonn deacracht ag baint le peannaireacht m.sh. Méarchlár Eochracha Móra, Keyguard, Luchóg Liathróid Rollóra, Mór-Luchóg.
- Sa rang corpoideachais, ba chóir smaoineamh ar fhearais éagsúla a úsáid m.sh. scairfeanna sreabhainn, liathróidí Koosh srl. le caitheamh agus le ceapadh, píosa gáitéarlaigh le liathróid a rolladh i gluiche sprice .i. scidilí.

Mínnormaltachtaí na nGéag Íochtair

A théann i bhfeidhm ar chosa agus troithe an duine óig – d'fhéadfadh coisbheart coigeartaithe, úsáid ócáideach nó bhuan cathaoir rothaí a bheith de dhíth orthu. D'fhéadfadh tuirse mar gheall ar an iarracht bhreise le tascanna a chomhlánú teacht ar an duine óg.

Moltaí Maithe

- Troscán seomra ranga agus trealamh cosanta m.sh. tábla inoiriúnaithe, suíocháin choigeartaithe (faoi mar atá molta ag Teiripeoir Saothair).
- Ba chóir ranganna corpoideachais a choigeartú le go n-áirítear an duine óg .i. úsáid liathróid gleacaíochta, ball foirne a bheith ar fáil le lámh chuidithe a thabhairt ar chluichí, lena n-áirítear brú na cathaoireach rothaí a fhad is atá an duine óg ag díriú airde ar ghníomhaíocht na colainne uachtair.
- Soghluaiseacht ar scoil – am tugtha don duine óg bogadh go sábháilte ó sheomra go seomra (.i. fágáil an tseomra roimh chomhdhaltaí).

Acmhainní/Naisc

The UK Limb Loss Information Centre

www.limblossinformationcentre.com

The Murray Foundation

www.murray_foundation.org.uk

The Meningitis Trust

www.meningitis-trust.org/meningitis-info

Inclusive Technology

(Trealamh coigeartaithe TFC) www.inclusive.co.uk

Dycem

www.dycem.com

Rompa (treoir iomlán acmhainní trealamh seomra ranga)

www.rompa.com

Anything Left Handed

www.anythinglefthanded.co.uk

Galar na gCnámh Briosc

Is easord géiniteach a fhaightear le hoidhreacht é Galar na gCnámh Briosc is cúis le cnámha briseadh go héasca. D'fhéadfadh sé dul i bhfeidhm ar staidiúir, ar thon matánach agus ar chomhord. Tharlódh bristeacha le linn tréimhsí fháis ghasta agus tarlaíonn siad mar gheall ar na gluaiseachtaí is simplí amuigh .i. an doras a dhruidim nó rud a thógáil ón urlár. B'fhéidir go gaitheadh an duine óg am san ospidéal agus is den tábhacht, mar sin de, idirchaidreamh a dhéanamh le tuismitheoirí agus le cúramóirí eile le leanúnachas oideachais a chinntiú.

Moltaí Maithe

- Ba chóir Plean Gníomhaíochta a bheith ann le go mbeidh gnáthamh ann do gach ball foirne má tharlaíonn briseadh.
- Is é is dóichí go raibh a lán bristeacha lámhe aige/aici agus, mar sin de, lig don duine óg triail a bhaint as pinn luaidhe/pinn/pinn feiltbhioracha agus cineálacha eagsúla páipéir/cláir bhána do dhuine aonair.
- Trí úsáid ding scríbhneoireachta agus Dycem (mata neamhsciarrach) d'fhéadfaí suíomh scríbhneoireachta níos compordaí a shocrú.
- B'fhéidir gur chuí cóipeanna de nótaí a thabhairt óir ba dhócha peannaireacht bheith fadálach agus míchruthaithe.
- mearchlár ríomhaireachta, próiseálaí focal, gníomhachtúchán gutha, deachtafón.
- Ba chóir socruithe solúbtha a bheith ann faoi choinne sosa agus lóin ag brath ar líon na ndaoine óga i súiomhanna éagsúla, m.sh. gníomhachtaí faoi dhíon nó achar ar leith sa chlós súgartha.
- Ní cuí bunús gach cineál corpoideachais, snámh an eisceacht, b'fhéidir (féach comhairle ó thuismitheoirí agus ó lucht gairme na míochaine).
- D'fhéadfaí Am Ciorcail a úsáid le himní an duine óig faoina s(h) ábháilteacht i dtimpeallacht na scoile a mhaolú.

Acmhainní/Naisc

SEN Teacher

[\(www.senteacher.org\)](http://www.senteacher.org)

Anything Left Handed

[\(www.anythinglefthanded.co.uk\)](http://www.anythinglefthanded.co.uk)

Brittle Bone Society

[\(www.brittlebone.org\)](http://www.brittlebone.org)

Inclusive Technology (Trealamh coigeartaithe TFC)

[\(www.inclusive.co.uk\)](http://www.inclusive.co.uk)

Dycem

[\(www.dycem.com\)](http://www.dycem.com)

Rompa (treoir iomlán acmhainní trealamh seomra ranga)

[\(www.rompa.com\)](http://www.rompa.com)

Gortú Inchinne Faighte

Is Gortú Inchinne Faighte (ABI) gortú ar bith a bhaineann den inchinn ag céim ar bith de shaol an pháiste m.sh. taisme bóthair, titim, siadaí inchine, strócanna agus galair néarbhunaithe. Tá dúshlán ag baint le duine óg a theagasc i ndiaidh ABI óir tig le hiarmhairtí an ghortaithe bheith caolchúiseach, folaithe agus éagsúil. Beidh ar an mhúinteoir a aithint go bhfuil riachtanais faoi leith ag gach duine óg; d'fhéadfadh iarmhairt a bheith i gceist maidir le cumas fisiceach agus próisis chognaíocha amhail cuimhne, bheith ábalta cromadh ar obair, réasúnú agus teanga. Ní mór do gach duine a bhfuil baint acu leis an duine óg bheith ar an eolas faoin tionchar suntasach a bhíonn ag ABI ar fholláine shóisialta agus mhothúcháinach agus ar iompraíocht laethúil. Is minic tearc-aitheantas agus tearc-luach ar iarmhairtí ABI i dtimpeallacht na scoile.

Moltaí Maithe

- Is iondúil go bhfulaingíonn daoine óga ar a bhfuil ABI leibhéil arda tuirse. Níl smacht ar bith acu air seo agus tá gá le tuiscint a léiriú agus d'fhéadfaí gur ghá tréimshe scíthe a bheith mar chuid den lá scoile.
- Srian a choinneáil ar nithe a bhainfeadh d'aird an duine óig agus an méid eolais a chuirtear i láthair a laghdú. Leideanna amhairc a úsáid, obair a thabhairt ina gíotaí agus teoracha ina gcéimeanna beaga.
- Le cuimhne oibre a spreagadh, tabhair leabhar nótaí don duine óg ina n-áirítear – amchlár laethúil, nótaí a bhaineann le hobair atá idir lámha agus le rudaí ar leith atá le cuimhneamh. Obair a chur i láthair ar dhoigheanna éagsúla nuair a bhítear ag teagasc agus glacadh le hathrá leis an fhoghlaim a dhaingniú.
- Am breise a cheadú do gach duine óg le heolas béil nó scríofa a phróiseáil agus, más cuí, úsáid téiptaifeadán, glacoír nótaí nó bogearraí TFC.
- Bheith ar an eolas faoi dheacracht a bheadh ag duine óg maidir le teanga a chur in ord seichimh agus go mbeadh gá le cumarsáid chuí a léirshamlú. D'fhéadfadh daltaí a bhfuil gortú inchinne orthu tairbhe a bhaint as forbairt teanga agus scileanna sóisialta trí róghlacadh.

- Ábhar a chur i láthair taobh istigh de réimse radhairc an duine óig. Ábhair chlóite a mhéadú, gan barraíocht ábhair a bheith ar leathanach/ bileog oibre agus leideanna amhail aibhsiú, spotaí agus saighde daite a thabhairt isteach le 'rianú' a chur chun cinn.
- Is minic tionchar ar réasúnú agus fadhbréiteach agus is fearr bheith ar an eolas faoi dholúbhthacht agus easpa cumais an duine óig pleananna a athrú. Cuidigh leo smaoineamh ar réitigh eile ar fhadhbanna, iarmhairtí a thuar agus spriocanna pearsanta a shocrú.
- In amanna léirítear iompraíocht mífheiliúnach amhail éighníomhaíocht, trodachas, frustrachas, easpa urchoillte agus mothú contúirte. Socraigh teorainneacha soiléire agus bí ag teagasc gnáthamh, ullmhaigh an duine óg le haghaidh suíomh ar bith úr agus bíodh straitéis chomhaontaithe agaibh ar fud na scoile.
- D'fhéadfaí smaoineamh ar chomhairleoireacht don duine óg, dá t(h)eaghlach agus fiú dá p(h)iarghrúpa óir caithfidh siad uile plé le hiarmhairtí ABI. Is féidir teacht ar an eolas is úire ar thosca an duine óig trí dhul i gcomhairle le lucht gairme na míochaine amhail fisiteiripeoirí, teiripeoirí saothair nó urlabhra agus teanga srl. a bhfuil baint acu leis an chóireáil reatha. Tig leo fosta comhairle a thabhairt faoi threalamh breise ar bith le freastal ar a riachtanais fhisiceacha.
- Ba chóir straitéisí a úsáidtear sa seomra ranga a athbhreithniú de réir mar a athraíonn riachtanais an dalta.

Acmhainní/Naisc

Acquire: www.acquire.org.uk

Child Brain Injury Trust: www.cbituk.org

Headway: www.headway.org

Head Injury: www.headinjury.com

The Children's Trust: www.childrenstrust.org.uk

Pairilis Cheirbreach

Tarlaíonn Pairilis Cheirbreach (CP) nuair a dhéantar damáiste nó nuair a bhíonn easpa forbartha sa chuid sin den inchinn a rialaíonn luail nó gluaiseacht.

D'fhéadfadh an duine óg bheith míshuaimhneach, corrach. Tugtar neamhluail air seo. D'fhéadfaí gur chúis deacrachtaí fisiceacha agus tearc-chaidrimh shóisialta í Pairilis Cheirbreach; is féidir difríochtaí ollmhóra a bheith idir beirt ógánach ar bith a bhfuil an riocht seo orthu.

Cineálacha CP:

- Heimipléige – I bhfeidhm ar an taobh deas nó taobh clé den cholainn
- Déipléige – I bhfeidhm ar an dá chos – gan bheith i bhfeidhm a oiread céanna ar na sciatháin
- Ceathairphléige – I bhfeidhm ar chosa agus ar sciatháin. D'fhéadfadh tearcsmacht a bheith ar chloigeann agus ar cholainn

Moltaí Maithe

- A míchumas fisiceach a chur san áireamh agus am breise a thabhairt do thascanna scríofa agus praiticiúla.
- Am smaointeoireachta a thabhairt don duine óg le heolas a phróiseáil.
- Tá tearc-chuimhne ag roinnt daoine óga ar a bhfuil CP agus, mar sin de, ba chóir deiseanna a thabhairt dóibh cleachtadh a dhéanamh agus a gcuid oibre a dhaingniú.
- Léireoidh fáiscín páipéar ar an leathanach an áit óna bhfuil siad ag obair.
- Peann luaidhe/peann feiltbhiorach (agus greamán) le bheith ag scríobh agus úsáid Dycem (mata neamhsciorrach) le páipéar nó leabhair a choinneáil ina n-áit.

- D'fhéadfaí crua-earraí coigeartaithe TFC a fhiosrú má éiríonn an scríobh deacair m.sh. Méarchlár Mór-Eochrach, Keyguard, Luchóg Liathróid Rollóra, Mór-Luchóg.
- Siosúir choigeartaithe .i. Easy Grip, Siosúr Oilíúna, Spriongachuidithe, Siosúr Suite ar Thábla.
- D'fhéadfadh úsáid ding scríbhneoireachta bheith ina chuidiú i dtaca le haird a bheith bainte, gan bheith ábalta díriú ar obair agus staidiúir níos fearr nuair a bhítear ag scríobh nó ag cóipeáil ón chlár.

Acmhainní/Naisc

SEN Teacher

www.senteacher.org

Cedar Foundation

www.cedar_foundation.org

Anything Left Handed

www.anythinglefthanded.co.uk

Inclusive Technology (Trealamh TFC coigeartaithe)

www.inclusive.co.uk

Dycem

www.dycem.com

Rompa (treoir iomlán acmhainní trealamh seomra ranga)

www.rompa.com

Cás Staidéar Ghaelscoile

FIOBRÓIS CHISTEACH

Is cailín beag í C atá 3 bliana d'aois. Is cailín pleisiúrtha ach ciúin í. Tá Fibróis Chisteach uirthi. Tá C níos lú agus faoi mheáchan d'aois s'aici agus i gcomparáid le páistí atá ag an chomhaois léi. Bíonn fadhbanna ag C lena scamhóga. Bíonn sí ag casachtach go minic agus glacann sí ionfhabhtú uchta go rialta. Tá sé tábhachtach di fosta go ndéanann sí forbairt fhisciúil / físiteiripe gach lá sa bhaile agus ar scoil.

Bíonn fadhbanna aici lena córas díleáilte fosta. Caithfidh Cpiollaí (Enzymes) a ghlacadh lena bia, mar sin de bíonn piollaí le glacadh aici ag am sosa agus am dinnéir gach lá. Athraítear méid na bpiollaí ag brath ar an bhia atá sí ag ithe, ach thiocfadh léi idir 3-6 phiolla a ghlacadh ag aon am amháin.

Thosaigh Clinn i mbliana sa Náiscoil. Sular thosaigh Clinn, bhí cruinniú agam lena tuistí agus chuir siad in iúl dom na riachtanais a bhí ag Éireann. Shocraigh muid fosta cruinniú a reáchtáil le banaltra Có Otharlann na bPáistí i mBéal Feirste le teacht chun na scoile le labhairt le foireann na Náiscoil faoi Fhíobróis Chisteach agus riachtanais Éireann.

Mar gheall ar na cruinnithe seo, bhí muid, i gcomhar le tuistí Cábaltá Plean Cúram Sláinte a chur le chéile di le cuidiú léi teacht chun na scoile i Meán Fómhair 2011. Chomh maith leis sin, bhí treanáil déanta ag an fhoireann náiscoil agus ag an phríomhoide ar an dóigh chun na piollaí a thabhairt do C le linn am scoile agus cuirtear leabhar le chéile sa dóigh is go raibh taifead againn ar an mhéid a ghlac sí le linn am ranga agus cé a thug na piollaí di. Mar chuid de pholasaí na scoile s'againn, caithfidh beirt bhall foirne a bheith ann léi agus í ag glacadh a cuid piollaí.

Glacann C béile scoile gach lá. Bhí orainn riachtanais C a chur in iúl do bhialann na scoile mar tá bia áirithe ann nach bhfuil cead aici a ithe mar shampla arbhar milis mar gheall go gcuireann sé isteach ar a córas díleáilte. Coinnimid bialann

na scoile suas chun dáta faoi riachtanais C gach uair a théann sí chun na hotharlainne fá choinne athbhreithnithe.

Thig le córas imdhíonachta C a bheith lag agus glacann sí ionfhabtúithe go furasta. Mar chuid de churaclam na Náiscoile, labhraíonn múinteoir na Náiscoile leis na páistí uilig faoi shláinteachas s'acu go minic agus bíonn díghalrán lámha ar fáil sa Náiscoil do na páistí agus na baill foirne. Cosúil le gach scoil eile, bíonn na bréagáin nithe go minic agus tá sé ríthábhachtach go n-athraimid an gaineamh gach cúpla seachtain d'Éireann.

Tá ról lárnach ag forbairt fhisciúil i saol C. Déanann Mamaí agus Daidí fisiteiripe léi gach lá sa bhaile. Déanaimid cinnte go mbíonn forbairt fhisciúil luaite i bpleananna C agus go mbíonn riachtanais Cglactha san áireamh nuair a bhíonn múinteoir na Náiscoile ag dul dá cuid pleananna.

Mar a fhásann C aníos agus í ag freastal ar an Ghaelscoil, déanfaimid athbhreithniú ar riachtanais s'aici go minic ach caithfidh muid glacadh san áireamh nuair a éiríonn sí níos sine, tá seans ann go mbeidh níos mó fadhbanna ag Cmar shampla tinneas fad-thearmach, dearcadh na bpáistí eile agus í go fóill beag agus faoi mheachán. Dúinn mar scoil, tá sé tábhachtach go bhfuil plean curtha i bhfeidhm di chun na deacrachtaí a chosc / chosaint. Má bhíonn sí tinn ar feadh tamaill fhada, caithfidh muid cinnte go mbeidh tacaíocht curtha ar fáil di ó na seirbhísí "outreach" le bheith ag obair léi sa bhaile.

Caithfidh muid obair a dhéanamh le páistí iomlán na scoile sa dóigh is go dtuigeann siad an chiall le Fiobróis Chisteach agus na fadhbanna a chruthaíonn siad do na páistí a bhfuil sé acu.

Tá deirfiúr agus dearthair C ag freastal ar an Ghaelscoil. Is páistí maithe iad an bheirt acu agus bíonn an triúr acu millteanach mór lena chéile. Ní bhíonn fadhbanna sláinte ag an bheirt eile. Ach caithfidh muid aire a thabhairt dóibh le cinntiú nach gcuireann riachtanais atá ag Cisteach ar fhoghlaim nó dul chun cinn s'acu ar scoil nó sa bhaile.

Buíochas

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le **scoileanna Fleming Fulton agus Mitchell House** as a gcuid saineolas a roinnt agus as an t-alt a scríobh.